Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6765/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0056 (NLE)**

**PECHE 73**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Márta 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 111 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 111 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 111 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.3.2021
COM(2021) 111 final

2021/0056 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Rialachán (AE) Uimh. 2021/92 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais Eorpaigh agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Leasaítear na deiseanna iascaireachta sin roinnt uaireanta, de ghnáth, le linn na tréimhse ina mbeidh feidhm acu.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe ceaptha i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha an Chomhbheartais Iascaigh agus tá siad comhsheasmhach le beartas an Aontais maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra seo.

Eascraíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní bitheolaíocha na mara as oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 de bhunrialachán nua an Chomhbheartais Iascaigh (CBI).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) den Chonradh. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar an gcúis seo a leanas: is comhbheartas é CBI. De réir Airteagal 43(3) den Chonradh tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus leithdháileadh deiseanna iascaireachta a ghlacadh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: rialachán.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuirtear san áireamh sa Togra an t-aiseolas ó na páirtithe leasmhara, ó Chomhairlí Comhairleacha, ó na riaracháin náisiúnta, ó eagraíochtaí iascairí agus ó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an Togra bunaithe ar chomhairle eolaíoch na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES).

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) den Chonradh teorainn le raon feidhme an rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht Rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht bhuiséadach ag na bearta atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis na leasuithe atá beartaithe, féachtar le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle a mhodhnú mar a thuairiscítear thíos.

Is speiceas é an chorr ghainimh a bhfuil saolré ghearr aige, ar sa dara leath de mhí Feabhra a chuirtear an chomhairle eolaíoch ina thaobh ar fáil, agus nach mbíonn ach go dtí mí Aibreáin go dtosaítear ar a iascach. I Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle socraíodh ag nialas teorainneacha na gabhála iomláine incheadaithe (TAC). Dá bhrí sin, ba cheart iad a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.

2021/0056 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 a mhéid a bhaineann le deiseanna áirithe iascaireachta le haghaidh 2021 in uiscí an Aontais agus in uiscí nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Socraítear le Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle[1] le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

(2) I Rialachán (AE) 2021/92, socraíodh ag nialas teorainneacha na gabhála iomláine incheadaithe (TAC) maidir le corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle eolaíoch ábhartha, comhairle a sholáthair an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (‘ICES’) agus a cuireadh ar fáil an 25 Feabhra 2021. Is speiceas é an chorr ghainimh a bhfuil saolré ghearr aige agus dá bhrí sin tosaítear ar a iascach an 1 Aibreán go gairid i ndiaidh fhoilsiú na comhairle eolaíche.

(3) Ba cheart na teorainneacha gabhála le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch is déanaí ó ICES.

(4) Le Rialachán (AE) 2021/92, bunaítear deiseanna iascaireachta tosaigh le haghaidh na chéad ráithe de 2021. Thairis sin, le hAirteagal 14 den Rialachán sin, bunaítear toirmeasc ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2021 i gcás soithí a dhéanann iascaireacht ar chorra gainimh ag baint úsáid as trealaimh áirithe i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES. Ós rud é go mbunaítear leis an rialachán seo deiseanna iascaireachta le haghaidh na bliana iascaireachta iomláine, ba cheart don toirmeasc sin an tréimhse ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2021 a chumhdach freisin, mar a rinneadh in 2020.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/92 a leasú dá réir.

(6) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/92 ón 1 Eanáir 2021 ar aghaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha a

[1] Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31 an 29.1.2021, lch. 31).

thugtar isteach leis an Rialachán leasaitheach seo ón dáta céanna ar aghaidh. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh toisc nach bhfuil na deiseanna iascaireachta lena mbaineann ídithe go fóill.

(7) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe i bhfianaise a phráinní atá sé tús a chur leis an séasúr iascaireachta le haghaidh corra gainimh in am an 1 Aibreán 2021.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasú ar Rialachán (AE) 2021/92*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/92 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

*'Airteagal 14*
*Séasúir coiscthe iascaireachta le haghaidh corra gainimh*

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar chorra gainimh le trál grinnill, saighní nó trealamh tarraingthe comhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2021 agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2021.';

(2) Déantar Iarscríbhinn IA a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*